C/2025/6318

3.12.2025

# Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an togra le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034

(C/2025/6318)

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CNAR)

*Ag féachaint don mhéid seo a leanas:*

— an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach 'Buiséad AE dinimiciúil i gcomhair thosaíochtaí na todhchaí — Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034';

— na tograí reachtacha éagsúla ón gCoimisiún Eorpach atá mar chuid de phacáiste CAI 2028-2034 agus go háirithe togra COM 2025(565) final chun Ciste aonair a bhunú ('Ciste na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí');

— tuarascáil Bhliantúil 2025 an Aontais maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha, a cuireadh i láthair an 13 Deireadh Fómhair 2025.

1. Athdhearbhaíonn CnaR gur comhpháirtithe straitéiseacha iad údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais do CAI 2028-2034 ós rud é nach geallsealbhóirí nó tairbhithe chistí an Aontais amháin iad, ach go bhfuil ról ríthábhachtach acu chun na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh ar an láthair agus ós iadsan na heintitis is neasa do shaol socheacnamaíoch na gcríoch.

2. Cuireann CnaR in iúl go bhfuil sé suite de, má tá an tAontas Eorpach chun cuspóirí an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus feabhas a chur ar rathúnas inbhuanaithe agus ar dhea-bhail fhadtéarmach áitritheoirí uile an Aontais, nach mór buiséad an Aontais a bheith inrochtana ag gach críoch san Aontas agus nach mór leithdháiltí a áireamh ann do gach catagóir de réigiún. Ní mór do rialacha rialachais bhuiséad 2028-2034 an Aontais tógáil ar mheastóireacht fhianaisebhunaithe ar riachtanais chríochacha chun cothroime, intuarthacht agus clársceidealú fadtéarmach a ráthú, lena n-áirítear maoiniú do na réigiúin uile.

3. Cuireann CnaR i bhfáth gurb é an beartas comhtháthaithe an ionstraim fhadtéarmach is tábhachtaí atá ag an Aontas chun infheistíocht a dhéanamh san iomaíochas, san eolas agus san fhorbairt inbhuanaithe agus chun cuimsiú sóisialta a chothú, bunaithe ar bheartais réigiúnacha agus áitbhunaithe. Is beartas réamhbhreathnaitheach é an beartas comhtháthaithe lena gcuirtear cobhsaíocht ar fáil, lena neartaítear muinín, agus lena n-áirithítear gur féidir leis an gcómhargadh feidhmiú go héifeachtach do chách. Cé go luaitear sa togra na trí chatagóir de réigiúin agus go gcosnaítear leithdháileadh na gcistí do réigiúin bheagfhorbartha, iarrann CnaR go saineofaí buiséad sonrach don bheartas comhtháthaithe agus, ar leibhéal an Aontais, go saineofaí leithdháiltí réigiúnacha na n-acmhainní ar bhonn táscach, sin bunaithe ar an modheolaíocht chomhdhlúite reatha lena gcuirfí táscairí sóisialta agus eacnamaíocha san áireamh. Ba cheart fáil a bheith ag na réigiúin uile i gcónaí ar an mbeartas comhtháthaithe. Cuireann sé in iúl nár cheart an rochtain a chuirtear ar fáil air a fhágáil faoi rogha na n-údarás náisiúnta amháin.

4. Cuireann sé in iúl gur cúis bhuartha dó an dícheangal idir an beartas comhtháthaithe agus na réimsí beartais a chumhdaítear faoin gceannteideal 'Iomaíochas, rathúnas agus slándáil' agus an dlús atá á chur leis an aistriú i dtreo cistí a bhainistítear go lárnach. Cuireann CnaR i bhfios go láidir go bhfuil an beartas comhtháthaithe ar cheann de na príomhchúiseanna leis an iomaíochas réigiúnach san Aontas.

5. Tugann sé chun suntais go bhféadfadh an togra nua maidir le CAI an t-easnamh daonlathach a ghéarú agus an bonn a bhaint den mhuinín as institiúidí an Aontais mar gheall ar an easpa maoirseachta a bhfuiltear ag súil léi ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pharlaimintí náisiúnta nó réigiúnacha.

6. Cuireann CnaR in iúl gur cúis mhór imní dó go bhféadfadh lárú breise i lámha an Choimisiúin agus náisiúnú an bheartais comhtháthaithe, an bheartais iascaigh agus an bheartais forbartha talmhaíochta/tuaithe a bheith mar thoradh ar an togra maidir le Ciste na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus go bhféadfadh sé iomaíocht dhúbailte a bhunú idir na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus na beartais earnála uile a chumhdaítear leis an gCiste sin.

7. Creideann sé go láidir nár cheart ullmhú, caibidlíocht, cur chun feidhme agus faireachán na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a fhágáil faoi na rialtais láir amháin. Dá n-aistreofaí an chinnteoireacht chuig an leibhéal náisiúnta, gan rannpháirtíocht láidir na réigiún, rachfaí i gcoinne bhunphrionsabal na coimhdeachta, lagófaí go mór an rialachas il-leibhéil seanbhunaithe agus thiocfaí salach go mór ar phrionsabal na comhpháirtíochta.

8. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar a thogra maidir le Ciste na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Iarrann sé ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an iarraidh chéanna a chur in iúl. Tathantaíonn CnaR ar na páirtithe uile lena mbaineann struchtúr an leagain de CAI a bheidh ann amach anseo a chaibidliú freisin, agus aitheantas á thabhairt aige don iarraidh fhorleathan ó réigiúin ar fud an Aontais Eorpaigh go gcoinneofaí an cleachtas seanbhunaithe maidir le bainistiú comhroinnte cistí agus ról na réigiún maidir le comhtháthú agus forbairt talmhaíochta agus tuaithe.

9. Iarrann sé ar chomhlachais náisiúnta, réigiúnacha agus Eorpacha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gceardchumann, na ngnólachtaí agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta teacht le chéile chun CAI 2028-2034 a áirithiú ionas go mbeidh an tAontas níos comhtháite, níos athléimní, níos sóisialta, níos inbhuanaithe agus níos iomaíche.

An Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2025.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Kata TÜTTŐ